Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11137 – EMIL FREY FRANCE / SACAPUCE / JAM PROD / GROUPE KERTRUCKS FINANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 218/07)

1. An 9 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Emil Frey France ('Emil Frey', an Eilvéis), faoi úinéireacht an ghrúpa Emil Frey,

— Sacapuce (an Fhrainc),

— Jam Prod (an Fhrainc), agus

— Groupe Kertrucks Finance ('GKF', an Fhrainc).

Gheobhaidh Emil Frey, Sacapuce agus Jam Prod rialú comhpháirteach ar GKF de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Emil Frey gníomhach sa Fhrainc i miondíol mótarfheithiclí nua agus dara láimhe,

— Is cuideachta sealbhaíochta airgeadais í Sacapuce,

— Is cuideachta sealbhaíochta airgeadais í Jam Prod,

— Is í GKF cuideachta sealbhaíochta Groupe Kertrucks. Tá Groupe Kertrucks gníomhach i bhfeithiclí tionsclaíocha a dhíol agus a ligean ar cíos chomh maith le soláthar seirbhísí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11137 – EMIL FREY FRANCE / SACAPUCE / JAM PROD / GROUPE KERTRUCKS FINANCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË